C/2026/4226

3.8.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2026

lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)

(C/2026/4226)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún [1], agus go háirithe Airteagal 79 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 go bhfuil an Chomhairle le hionadaí amháin a cheapadh ó gach Ballstát mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Bord Bainistíochta').

(2) Tá comhaltaí an Bhoird Bainistíochta le ceapadh ar bhonn an taithí agus an saineolas ábhartha atá acu i réimsí na sábháilteachta ceimiceán nó na rialála ceimiceán, agus ar an mbonn go bhfuil saineolas ábhartha i réimsí cúrsaí ginearálta, airgeadais agus dlí ar fáil i measc chomhaltaí an bhoird.

(3) 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige comhalta den Bhord Bainistíochta agus féadfar é a athnuachan uair amháin.

(4) Le Cinneadh (AE) 2023/992 ón gComhairle [2], cheap an Chomhairle 16 chomhalta den Bhord Bainistíochta.

(5) Ceapadh an comhalta den Bhord Bainistíochta arna ainmniú ag an nGearmáin ar feadh tréimhse 4 bliana dar críoch an 31 Bealtaine 2027, ach rachaidh sé ar scor an 31 Lúnasa 2026.

(6) Tá iarrthóir cuícháilithe ainmnithe ag an nGearmáin le teacht in ionad an chomhalta den Bhord Bainistíochta atá ag dul ar scor. Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarrthóir sin a cheapadh ina chomhalta den Bhord Bainistíochta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceapfar an duine seo a leanas ina chomhaltaí den Bhord Bainistíochta don chéad téarma ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2030:

— An Dochtúir Oliver EBERHARDT, Gearmánach.

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2023/992 ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 lena gceaptar 16 comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) (IO L 135, 23.5.2023, lch. 116, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/992/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON